2024/1335

21.5.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1335 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Bealtaine 2024

lena nglactar le hiarraidh arna cur isteach ag Éirinn de bhun Airteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le neamhchur i bhfeidhm sealadach Mhír 6b as Tábla 6.3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún dar teideal 'Ceanglais measúnaithe maidir le Fochóras Taobh Riain — Tástáil le Dhá Chóras ar bord ó sholáthraithe éagsúla'

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 3227)

(Is iad na téacsanna Béarla agus Gaeilge amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Iúil 2023, chuir Éire faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797, iarraidh maidir le neamhchur i bhfeidhm sealadach Mhír 6 as tábla 6.3 de Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún ([2]) dar teideal 'Ceanglais measúnaithe maidir le Fochóras Taobh Riain' — lena leagtar síos oibleagáid tástáil a dhéanamh le dá chóras ar bord ó sholáthraithe éagsúla chun idir-inoibritheacht an réitigh comharthaíochta a sheiceáil. Rinneadh an iarraidh sin i gcomhthéacs Thionscadal an Chórais Cosanta Traenach (TPS) lena soláthrófar bonneagar leictrithe taobh riain Leibhéal 1 ón gCóras Eorpach um Rialú Traenacha (ETCS) ar an mbealach idir Droichead Átha agus na Clocha Liatha agus ó thuaidh go dtí an teorainn le Tuaisceart Éireann. Is é seo an chéad suiteáil den Chóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) i líonra na hÉireann.

(2) Leis an Tionscadal TPS, cuirfear ETCS Leibhéal 1 chun feidhme mar fhorleagan ar an gcóras comharthaíochta atá ann cheana. Oibreoidh sé taobh leis an gcóras d'aicme B atá ann cheana chun go mbeifear in ann sócmhainní a úsáid ar bhealach solúbtha i líonra iarnróid na hÉireann. Forbraíodh an córas de réir na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht (STI) — ERTMS Bonnlíne 3, Eisiúint 2, de réir thacar sonraíochtaí #3 a leagtar amach i dTábla A2.3 d'Iarscríbhinn A de Rialachán (AE) 2016/919, na rialacha náisiúnta atá leagtha síos ag an Coimisiún um Rialáil Iarnróid (CRR) agus Chaighdeán Iarnróid na hÉireann IRS-305-A. Beidh an tionscadal seo ina thúsphointe le haghaidh fhorbairt ETCS i líonra na hÉireann, agus le haghaidh an rolladh amach náisiúnta ar bord.

(3) Idir an dá linn, aisghaireadh Rialachán (AE) 2016/919 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún ([3]). Ag féachaint don chóras aistrithe a shainmhínítear i bhFoscríbhinn B, Tábla B2, ró 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695, ó thaobh substainte de, freagraíonn an riachtanas maidir le tástáil a dhéanamh le dhá chóras ar bord ó sholáthraithe éagsúla a leagtar amach i Mír 6 de thábla 6.3 de Rialachán (AE) 2016/919 le Mír 6b de thábla.6.3 de Rialachán (AE) 2023/1695. Dá bhrí sin, ba cheart an iarraidh bhunaidh a mheas mar iarraidh maidir le neamhchur i bhfeidhm sealadach Mhír 6b ó thábla 6.3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695.

(4) An costas a bheadh i gceist chun soláthraí ETCS difriúil a cheapadh chun na tástálacha sin a dhéanamh, bheadh sé níos airde ná 40 % de luach na deartha taobh riain atá ann faoi láthair agus luach an chonartha soláthair arna bhronnadh. Leis an moill ar an mbonneagar taobh riain ETCS a dheimhniú, chuirfí moill 10 mí ar a laghad ar choimisiúnú an fhlít nua atá feistithe le ETCS.

([1]) IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais 'um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht' an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 158, 15.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/919/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/919 (IO L 222, 8.9.2023, lch. 380, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1695/oj).

(5) Ós rud é nach bhfuil aon chóras ETCS eile i líonra na hÉireann, níl aon bhaol ann go mbeidh fadhbanna idir-inoibritheachta ann. Dheimhnigh Éire go ndéanfaí na tástálacha amach anseo gan aon chostas breise dá mbronnfaí an conradh um an Rolladh Amach Náisiúnta Ar Bord ar sholáthraí ETCS eile chun idir-inoibritheacht iomlán na gcóras ETCS i measc soláthraithe éagsúla a áirithiú. Tá sé beartaithe an conradh sin a bhronnadh in 2024.

(6) Mar rogha eile ar na Tástálacha Oibríochtúla a dhéanamh le dhá fhochóras ar a laghad ó sholáthraithe éagsúla, mhol Iarnród Éireann go ndéanfaí na tástálacha oibríochtúla gan ach an t-aon fhochóras ar bord amháin atá ar fáil d'Iarnród Éireann (i.e. an soláthraí reatha) mar chuid den tionscadal reatha 'Droichead Átha go dtí na Clocha Liatha', agus go n-áiritheofaí go mbeadh freagracht chonarthach ar an soláthraí reatha as an mbonneagar taobh riain a mhodhnú i gcás go n-aimseofaí fadhb neamh-idir-inoibritheachta mar chuid de na tástálacha atá le déanamh roimh dheireadh 2027.

(7) Dheimhnigh Éire go ndéanfar, mar chuid de na conarthaí um Rolladh Amach Náisiúnta ETCS (Ar Bord agus Taobh Riain) amach anseo, an méid seo a leanas roimh dheireadh 2027:

— Dá mbronnfaí an conradh ar bord ar an soláthraí céanna, bheadh ar an soláthraí sin na Tástálacha Oibríochtúla saotharlann-bhunaithe a dhéanamh ag baint úsáide as binse tástála de chuid soláthraí eile ETCS ar bord.

— Dá mbronnfaí an conradh ar bord ar sholáthraí difriúil, dhéanfaí Tástálacha Oibríochtúla fíor-chur chun feidhme ag baint úsáide as córas deimhnithe de chuid soláthraí eile de réir TSI.

(8) Bunaithe ar an méid thuas, ba cheart a mheas go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(1), pointe (c), agus Airteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797 comhlíonta maidir le ETCS Leibhéal 1 Taobh Riain — an tionscadal 'Droichead Átha go dtí an Clocha Liatha'. Dá bhrí sin ba cheart glacadh le hiarraidh na hÉireann.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Threoir (AE) 2016/797,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarraidh na hÉireann maidir le neamhchur i bhfeidhm sealadach Mhír 6b ó thábla 6.3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695. Cuirfidh údaráis na hÉireann an Coimisiún ar an eolas maidir le rolladh amach ERTMS i líonra na hÉireann faoin 31 Nollaig gach bliain i gcomhréir le plean cur chun feidhme náisiúnta ERTMS.

Airteagal 2

Is chuig Éirinn a dhírítear an Cinneadh seo.

Airteagal 3

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Nollaig 2027.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Adina VĂLEAN
Comhalta den Choimisiún